

An
Bord
Pleanála

Ordú ón mBord Board Order ABP-317560-23

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022
Planning and Development Acts, 2000 to 2022

Údarás Pleanála: Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Shligigh
Planning Authority: Mayo County Council and Sligo County Council

Iarratas ar chead faoi alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, i gcomhréir le pleananna agus sonraí, lena n-áirítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura, ar thaisc Mercury Renewables (Carrowleagh) Limited faoi chúram Jennings O'Donovan and Partners Limited, Páirc Gnó Fhionasclainn, Sligeach, iad leis an mBord Pleanála an 6^ú lá de mhí Iúil 2023.

Forbairt Bheartaithe: Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe na nithe seo a leanas:

- (1) 13 thuirbín gaoithe a thógáil a bheidh idir 177 méadar agus 185 mhéadar, agus an dá fhiigiúr sin san áireamh, ar airde ón talamh chuig gob na lainne. Beidh rótar na dtuirbíní gaoithe idir 149 méadar agus 155 mhéadar, agus an dá fhiigiúr sin san áireamh, ar trastomhas agus beidh mol na dtuirbíní gaoithe idir 102.5 méadar agus 110.5 méadar, agus an dá fhiigiúr sin san áireamh, ar airde.
- (2) Limistéir bhuana dhromchla chrua craenach, bunsraitheanna tuirbín agus limistéir shealadacha leagain/stórála a thógáil.


36

- (3) Bóithre buana inmheánacha nua isteach chuig an láithreán feirme gaoithe a thógáil agus raonta láithreacha inmheánacha portaigh a uasghrádú, lena n-áireofar cuasa scoite agus an bonneagar draenála gaolmhar ar fad.
- (4) Líonra draenála láithreáin a fhorbairt don láithreán feirme gaoithe, lena n-áireofar córais rialaithe dríodair.
- (5) An cáblú gaolmhar leictreach agus cumarsáide faoi thalamh ar fad lena nascfar na tuirbíní gaoithe leis an bhfostáisiún feirme gaoithe.
- (6) Fostáisiún leictreach buan feirme gaoithe 110 cileavolta (kV) a thógáil ar an láithreán, lena n-áireofar dhá fhoirgneamh rialaithe ina mbeidh saoráidí leasa, an gléasra agus an trealamh leictreach gaolmhar ar fad, fáлта agus geataí slándála, an cáblú gaolmhar faoi thalamh ar fad, umar coinneála fuíolluisce, agus na struchtúir choimhdeacha uile agus na hoibreacha coimhdeacha uile.
- (7) Na hoibreacha uile a bhaineann leis an bhfeirm ghaoithe a nascadh go buan leis an eangach leictreachais náisiúnta, ar nasc é a dhéanfar trí chábla lúbtha isteach 110 kV faoi thalamh i nduchtanna buana cábla ón bhfostáisiún beartaithe buan feirme gaoithe i mbaile fearainn Cheathrú Bhlaoch, agus trí bhailte fearainn Chartha, Cheathrú na gCloch, Ráth Raodáin, Dhroim Síon agus Mhuine Chonalláin Thiar, Contae Mhaigh Eo, chuig an líne lasnairde láithreach 110 kV i mbaile fearainn Ráth Raodáin, Contae Mhaigh Eo, agus dhá chrann nua laitéise cruach lúbtha isteach/amach a bheidh 16 mhéadar ar airde ag an nascphointe.
- (8) Compún sealadach tógála a thógáil ar an láithreán feirme gaoithe, ina mbeidh oifigí sealadacha gaolmhara láithreáin, limistéir pháirceála, saoráidí leasa agus fáлта slándála.
- (9) Limistéar sealadach stórála ábhar tógála a thógáil lena úsáid le linn an fheirm ghaoithe a thógáil.
- (10) Leagan foraoiseachta chun tógáil agus oibriú an fhostáisiúin feirme gaoithe a éascú agus aon athchur foraoiseachta ar an láithreán.

- (11) Oibreacha uasghrádúcháin ar an mbealach seachadta tuirbíní, lena n-áireofar na hoibreacha seo a leanas chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh comhpháirteanna tuirbín a éascú:
- (a) Feabhas ar an acomhal idir bóthar an N59 agus bóthar an L-2604-0 i mbaile fearainn Bhaile Uí Mhochaine, Contae Shligigh, lena n-áireofar leathnú sealadach an acomhail. Áireofar leis na hoibreacha gaolmhara cóiríochta píobáin nua draenála a shuiteáil, balla coinneála coincréiteach a bheidh 1.2 méadar ar airde a thógáil agus fála stocdhíonacha adhmaid agus dhá gheata talmhaíochta a chur in airde.
 - (b) Leathnú áitiúil ar bhóthar an L-2604-0 i mbaile fearainn Chluain Chaoláin, Contae Shligigh. Áireofar leis na hoibreacha gaolmhara cóiríochta balla coinneála coincréiteach a bheidh 1.2 méadar ar airde a thógáil agus cuaille coincréiteach, fála stocdhíonacha adhmaid ráille agus dhá gheata talmhaíochta a chur in airde.
 - (c) Leathnú áitiúil ar bhóithre an L-2604-0, an L-5137-0 agus an L-5137-9 i mbailte fearainn Bhaile Uí Mhochaine, na Moinge Móire agus Chluain Chaoláin, Contae Shligigh, agus i mbaile fearainn Cheathrú Bhlaoch, Contae Mhaigh Eo, chun leithead bóthair dhromchlaithe 4.5 méadar a bhaint amach.
 - (d) Leathnú áitiúil ar bhóithre an L-5137-9, an L-5136-0 agus an L-6612 i mbailte fearainn an Cháráin agus an Chnoic Bhric, Contae Shligigh, agus i mbailte fearainn Chartha agus Cheathrú Bhlaoch, Contae Mhaigh Eo, chun cuasa scoite a bhunú.
 - (e) Leathnú áitiúil bóithre ag timpeallán an N17/N5 i mbaile fearainn an Bhaile Ghlais Thoir, Contae Mhaigh Eo.
 - (f) Leathnú áitiúil bóithre ag an acomhal bóithre le bóthar an N5 i mbaile fearainn an Bhaile Ghlais Thoir, Contae Mhaigh Eo.
 - (g) Athruithe ar na claífoirt ag acomhal bhóthar an N5 le bóithre an L-5339 agus an L-1331 i mbaile fearainn Chluain Mín Thiar, Contae Mhaigh Eo.



- (h) Leathnú áitiúil bóithre ag an acomhal idir bóthar an L-5339 agus bóthar an L-1331 i mbaile fearainn Leamhaigh Mhór, Contae Mhaigh Eo.
12. Bealach isteach nua chuig an láithreán feirme gaoithe a thógáil amach as bóthar áitiúil an L-5137-9 i mbaile fearainn Cheathrú Bhlaoch, Contae Mhaigh Eo, trí bhealach isteach spréite a chruthú chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh comhpháirteanna tuirbín a éascú.
13. Gléasra hidrigine agus bóthar rochtana chuig an ngléasra hidrigine a thógáil, mar aon le bóthar an L-6612-1 a uasghrádú agus timpeallán a thógáil. Áireofar leis an ngléasra hidrigine an foirgneamh leictrealóra ina mbeidh 130 méadar faoi 110 méadar agus a bheidh 16 mhéadar ar airde, mar aon le trealamh, umair stórála uisce faoi thalamh, córas draenála, bogach tógtha, stáisiún dáileacháin hidrigine, spásanna páirceála tiúbteantóirí, foirgneamh cóireála uisce, fuaraitheoirí 'fin-fan', umair uisce le haghaidh dóiteáin, comhbhrúiteoirí, oifigí agus saoráidí leasa, agus an trealamh coimhdeach ar fad.
14. Fostáisiún buan gléasra hidrigine 110 kV a thógáil ar an láithreán, lena n-áireofar dhá fhoirgneamh rialaithe ina mbeidh saoráidí leasa, an gléasra agus an trealamh leictreach gaolmhar ar fad, fáлта agus geataí slándála, an cáblú gaolmhar faoi thalamh ar fad, umar coinneála fuíolluisce, agus na struchtúir choimhdeacha uile agus na hoibreacha coimhdeacha uile.
15. Astógáil screamhuisce as dhá thollpholl i mbaile fearainn an Cháráin, Contae Shligigh, caidéalú chuig an láithreán beartaithe gléasra hidrigine, agus na hoibreacha coimhdeacha gaolmhara ar fad.
16. Compún sealadach tógála a thógáil ar an láithreán gléasra hidrigine, ina mbeidh oifigí sealadacha gaolmhara láithreáin, limistéir pháirceála, limistéir stórála ábhar agus fáлта slándála lena n-úsáid le linn an láithreán gléasra hidrigine a thógáil.
17. Na hoibreacha uile a bhaineann leis an bhfeirm ghaoithe a nascadh go buan leis an ngléasra hidrigine, ar nasc é a chuimseoidh cábla 110 kV faoi thalamh i nduchtanna buana cábla ón bhfostáisiún beartaithe buan feirme gaoithe i mbaile fearainn Cheathrú Bhlaoch, Contae Mhaigh Eo, agus ar aghaidh chuig baile fearainn Chartha, Contae Mhaigh Eo, agus chuig baile fearainn an Chnoic



Bhric, Contae Shligigh, agus a chríochnóidh ag an bhfostáisiún gléasra hidrigine i mbaile fearainn an Cháráin, Contae Shligigh.

18. Seantán talmhaíochta amháin a scartáil agus seantán talmhaíochta amháin a scartáil go páirteach i mbaile fearainn an Cháráin, Contae Shligigh, chun an t-uasghrádú ar bhóthar áitiúil agus timpeallán an L-6612-1 a éascú.


San iarratas seo, táthar ag iarraidh cead 10 mbliana don nasc leis an eangach, don idirnascaire, don ghléasra hidrigine agus don fhostáisiún gléasra hidrigine toisc go gcoinneofar iad sin i bhfeidhm tar éis an fheirm ghaoithe a dhíchoimisiúnú. Tiocfaidh an fostáisiún feirme ghaoithe chun bheith ina shócmhainn de chuid na heangaí náisiúnta a bheidh faoi bhainistiú ag EirGrid.

Beidh an méid seo ar fad suite i mbailte fearainn Cheathrú Bhlaoch, Chartha, Cheathrú na gCloch, Dhroim Síon, Ráth Raodáin, an Bhaile Ghlais Thoir, Mhuine Chonalláin Thiar, Chluain Mín Thiar agus Leamhaigh Mhór, Contae Mhaigh Eo, agus i mbailte fearainn an Cháráin, an Chnoic Bhric, Bhaile Uí Mhochaine, na Moinge Móire agus Chluain Chaoláin, Contae Shligigh.

Cinneadh

Cead a DHEONÚ faoi alt 37G den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, don fhorbairt bheartaithe thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.


An tsuim atá le híoc ag an iarratasóir i leith costais a bhaineann leis an iarratas, mar atá leagtha amach sa Sceideal Costas thíos, a CHINNEADH faoi alt 37H(2)(c).



Cúiseanna agus Cúinsí

Agus é ag teacht ar an gcinneadh uaidh, bhí aird ag an mBord ar na nithe seo a leanas:

- (a) An Creat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040;
- (b) Treoir (AE) 2023/2413 maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (RED III), go háirithe an ceanglas atá ar an Stát spriocanna a leagan síos don earnáil iompair maidir le foinsí neamh-bhitheolaíocha breosla in-athnuaite a úsáid faoin mbliain 2030;
- (c) Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021;
- (d) An Creat Náisiúnta Slándála Fuinnimh 2022, ina dtugtar tús áite do straitéis hidrigine a fhorbairt chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, mar gheall ar an riosca do shlándáil an tsoláthair;
- (e) An Straitéis Náisiúnta Hidrigine 2023, ina dtugtar treoir maidir leis an tionscal hidrigine in Éirinn a fhorbairt sa todhchaí, ach nach dtugtar aon chreat inti le haghaidh cinnteoireacht maidir le pleanáil úsáide talún;
- (f) An Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Treoir 2014/52/AE), arna leasú, an 16^ú lá de mhí Aibreáin 2014 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol;
- (g) An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE);
- (h) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2015;
- (i) Na hiarmhairtí is dóigh a bheidh ann don chomhshaol agus do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe lonnaithe, agus na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt ar Láithreáin Eorpacha;
- (j) Na cuspóirí caomhantais, na leasanna cáilitheacha agus na speicis a bhfuil tábhacht caomhantais leo i Limistéar Caomhantais Speisialta Phortaigh Shliabh Gamh (Cód Láithreáin: 002006), i Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (Cód Láithreáin: 000458), i Limistéar Cosanta



Speisialta Chuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (Cód Láithreáin: 004036), agus i Limistéar Caomhantais Speisialta na Muaidhe (Cód Láithreáin: 002298);

- (k) An Chreat-treoir Uisce (Treoir 2000/60/CE);
- (l) Na "Treoirínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt – Treoirínte d'Údaráis Phleanála" arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2006;
- (m) Na "Dréacht-Treoirínte Athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt" arna n-eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2019;
- (n) An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020;
- (o) Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022 - 2028;
- (p) Plean Forbartha Contae Shligigh 2017 - 2023, arna shíneadh, agus Dréacht-Phlean Forbartha Contae Shligigh 2024 - 2030, a glacadh an 30^ú lá de mhí Mheán Fómhair agus a tháinig i bhfeidhm an 11^ú lá de mhí na Samhna 2024;
- (q) An tAcht um Chomhshaoil Uisce (Astógálacha agus Gaibhnithe Gaolmhara), 2022, agus an méid astógála screamhuisce a theastaíonn ón bhforbairt bheartaithe;
- (r) Na haighneachtaí a rinneadh i ndáil leis an iarratas, lena n-áirítear na haighneachtaí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ó lascach Intíre Éireann;
- (s) Cineál agus méid na n-oibreacha beartaithe, mar a leagadh amach san iarratas agus san éisteacht ó bhéal;
- (t) An fad idir an fheirm ghaoithe bheartaithe agus an gléasra hidrigine araon agus teaghaisí agus gabhdóirí íogaire eile;
- (u) An tionchar ar thaitneamhacht cónaithe;
- (v) An tuarascáil agus an moladh ón duine a cheap an Bord chun tuarascáil agus moladh a dhéanamh maidir leis an ní, lena n-áirítear an tuarascáil ó éiceolaí an Bhoird.

Measúnacht Chuí: Céim 1:

Chomhaontaigh an Bord leis an measúnacht scagtha agus leis an gconclúid, mar a rinneadh sna tuarascálacha ón gCigire agus ón Éiceolaí, á rá gurb ionann Limistéar Caomhantais Speisialta Phortaigh Shliabh Gamh (Cód Láithreáin: 002006), Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (Cód Láithreáin: 000458), Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (Cód Láithreáin: 004036) agus Limistéar Caomhantais Speisialta na Muaidhe (Cód Láithreáin: 002298) agus Láithreáin Eorpacha a bhféadfaí éifeachtaí suntasacha a bheith ann dóibh agus, dá bhrí sin, nach mór iad a chur faoi réir measúnacht chuí, agus ghlac sé an méid sin ar fad.

Measúnacht Chuí: Céim 2:

Rinne an Bord breithniú ar Ráiteas Tionchair Natura agus ar dhoiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas ar cheadú, ar na bearta maolaithe atá iontu, ar na haighneachtaí agus na tuairimí atá ar comhad, agus ar na measúnachtaí ón gCigire agus ón Éiceolaí. Chuir an Bord measúnacht chuí i gcrích ar impleachtaí na forbartha beartaithe do na Láithreáin Eorpacha lena mbaineann, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán. Mheas an Bord gur leor an fhaisnéis a bhí os a chomhair chun measúnacht chuí a dhéanamh. Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, rinne an Bord breithniú ar leith ar na nithe seo a leanas:

- (i) Na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar dóigh dóibh teacht as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin agus in éineacht le pleananna nó tionscadail eile araon;
- (ii) Na bearta maolaithe atá ar áireamh sa togra reatha; agus
- (iii) Na cuspóirí caomhantais do na Láithreáin Eorpacha.

Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, ghlac an Bord leis an measúnacht chuí a rinneadh sna tuarascálacha ón gCigire agus ón Éiceolaí maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar shláine na Láithreán Eorpach réamhluaite, agus ghlac sé an mheasúnacht sin, agus aird á tabhairt ar chuspóirí caomhantais na láithreán.

Sa chonclúid fhoriomlán uaidh, ba dheimhin leis an mBord nach ndéanadh an fhorbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, dochar do shláine na Láithreán Eorpach, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta

I gcomhréir le halt 172 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, chuir an Bord Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcrích ar an bhforbairt bheartaithe, agus aird á tabhairt aige ar na nithe seo a leanas:

- (a) Cineál, scála agus láthair na forbartha beartaithe;
- (b) An Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, mar a leasaíodh ag an éisteacht ó bhéal, agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach chun tacú leis an iarratas,
- (c) Na haighneachtaí ón iarratasóir, ó na húdaráis phleanála, ó na breathnóirí agus ó chomhlachtaí forordaithe le linn an iarratais, agus
- (d) An tuarascáil ón gCigire, lena n-áirítear tuarascáil ó Éiceolaí an Bhoird.

Maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus an fhaisnéis tacaíochta a chuir an t-iarratasóir isteach, mheas an Bord go sainaithnítear iontu na héifeachtaí díreacha, indíreacha agus carnacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol agus go dtugtar tuairisc imleor ar na héifeachtaí sin iontu. Is deimhin leis an mBord go gcomhlíonann an fhaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta na forálacha de Threoir 2014/52/AE ón Aontas Eorpach, lena leasaítear Treoir 2011/92/AE.

Chomhaontaigh an Bord leis an achoimre agus an scrúdú, mar atá leagtha amach sa tuarascáil ón gCigire, ar an bhfaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sna doiciméid ghaolmhara a chuir an t-iarratasóir isteach agus sna haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais. Is deimhin leis an mBord go leagtar amach sa tuarascáil ón gCigire an dóigh ar tugadh aghaidh orthu

sin sa mheasúnacht agus sa mholadh (lena n-áirítear dálaí comhshaoil, seachas i ndáil le nithe a thagann faoi raon feidhme na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil), a chuirtear san áireamh sa chinneadh ón mBord.

Conclúid Réasúnaithe agus Éifeachtaí Suntasacha

Mheas an Bord gurb iad seo a leanas na príomhéifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaoil:

Le linn an Fhorbairt a Thógáil:

Rinne an Bord breithniú ar na nithe seo a leanas:

- An riosca go dtruaillíofaí uisce dromchla agus an riosca indíreach don bhithéagsúlacht, go háirithe an Diúilicín Péarla Fionnuisce, an bradán agus an breac mara, de dheasca slógadh móna, creimeadh móna agus drochrialú dríodair;
- An tionchar a bheadh ag trácht tógála ar an ngréasán bóithre áitiúla.

Mhaolófaí an tionchar sin trí chur chun feidhme a dhéanamh ar na bearta atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus a comhaontaíodh san Éisteacht ó Bhéal, agus socruithe sonracha á ndéanamh do bhearta maolaithe bainistíochta comhshaoil le linn na tógála, lena n-áirítear rialú tráchta.

- Tionchair dhearfacha ar shláinte an daonra agus an duine agus ar an ngeilleagar áitiúil mar thoradh ar an méadú ar chaiteachas agus ar an líon post le linn na tréimhse tógála.

Mhaolófaí aon drochthionchair ar shláinte an daonra agus an duine trí na bearta atá ceaptha chun tionchair ó shócmhainní ábhartha, ón aer agus ón aeráid agus ó thorann agus ó thonnchrith a laghdú go leibhéil inghlactha.

Le linn an Fhorbairt a Oibriú:

Rinne an Bord breithniú ar na nithe seo a leanas:

- An riosca go dtarlódh mórhimpiste;
- An méid screamhuisce atá le hastógáil;
- An riosca do speicis chosanta, go háirithe ialtóga, agus don bhithéagsúlacht uisceach;
- An tionchar amhairc a bheadh ag na tuirbíní gaoithe ar an tírdhreach;
- Na tionchair a bheadh ag an ngléasra hidrigine ar thrácht ar bhóthar an N59.

Tá siad sin le maolú trí chur chun feidhme a dhéanamh ar na bearta atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, lena n-áirítear an Beartas um Mórhimpistí a Chosc, trí bhrath ar bhailiú báistí mar phríomhfhoinsé uisce don ghléasra hidrigine agus trí na tuirbíní gaoithe a chiorrú faoi choinníollacha áirithe.

Mheas an Bord go bhfuil tionchar amhairc na dtuirbíní gaoithe inghlactha ar an tírdhreach seo, agus é ina Láthair Roghnaithe Leibhéal 1 le haghaidh feirmeacha gaoithe faoi Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022 - 2028, agus i bhfianaise tuirbíní láithreacha agus Sliabh Gamh a bheith sa chúlra.

Meastar gur trácht straitéiseach é an trácht a ghinfí leis an ngléasra hidrigine, is é sin le rá gur trácht é a rannchuidíonn le forbairt shocheacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá an méid tráchta a ghinfí, i gcomhthéacs rochtain fheabhsaithe ar bhóthar an N59, i gcomhréir le cuspóir an ghréasáin bóithre náisiúnta, agus ní bhainfeadh sé go mór d'acmhainn iompair an ghréasáin bóithre náisiúnta.

I measc na dtionchar dearfach ar an gcomhshaol bheadh laghdú ar gháis cheaptha teasa agus dícharbónú Feithiclí Earraí Troma, lena n-áirítear Feithiclí Seirbhíse Poiblí in Éirinn (a meastar go ngineann siad thart ar 50,000 tona de dhé-ocsaíd charbóin). Is é an toradh a bheadh ar an bhfeirm ghaoithe agus ar an ngléasra hidrigine thar thréimhse 40 bliain ná idir 1.6 milliún agus 2.5 milliún tona de dhé-ocsaíd charbóin a dhíláithriú ón atmaisféar. Mheas an Bord gur mhórhionchar

dearfach é sin agus go mbeadh sé i gcomhréir leis na forálacha den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024.

Chaillfí thart ar 18.5 heicteár go buan mar gheall ar lorg tógála na feirme gaoithe. D'fhritháireofaí é sin leis an bPlean Bainistíochta um Fheabhsú Bithéagsúlachta, lena gcumhdaítear 10.6 heicteár.

Le linn an Fhorbairt a Dhíchoimisiúnú:

Rinne an Bord breithniú ar na nithe seo a leanas:

- An riosca go dtruailleofaí uiscí dromchla;
- Gluaiseachtaí tráchta tógála.

Mhaolófaí na nithe sin trí chur chun feidhme a dhéanamh ar na bearta atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, lena n-áirítear socruithe sonracha do dhíchoimisiúnú.

Chuir an Bord measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh inghlactha a bheadh éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol, aisti féin agus in éineacht le forbairtí eile sa chomharsanacht, faoi réir na bearta molta maolaithe a chur chun feidhme agus faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach anseo a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Bord an tuarascáil agus na conclúidí ón gCigire tuairiscithe.

Pleanáil Chuí agus Forbairt Inchothaithe/Na hÉifeachtaí ar Dóigh Dóibh a bheith ann ar an gComhshaol

Meastar, faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh, go mbeadh an fhorbairt bheartaithe ag teacht le beartais phleanála Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus le beartais ghaolmhara. Maidir leis na héifeachtaí ar an gcomhshaol agus ar an bpobal sa chomharsanacht tar éis bearta maolaithe a chur chun feidhme, thiocfadh siad faoi chaighdeáin inghlactha, ní dóigh go mbeadh siad ina gcúis le riosca truaillithe ná le héileamh neamh-inbhuanaithe ar screamhuisce, ní

dóigh go mbeadh siad ina gcúis le mórthimpistí, ní dhéanfaid siad dochar do thaitneamhachtaí amhairc agus tírdhreacha an limistéir, ní bheadh drochthionchar acu ar oidhreacht chultúrtha agus seandálaíochta an limistéir, agus bheadh siad inghlactha ó thaobh sábháilteacht coisithe, rothaíochta agus tráchta de. Ba dheimhin leis an mBord go mbeadh ceadú na forbartha beartaithe i gcomhréir le huaillmhianta náisiúnta aeráide agus leis na forálacha iomchuí den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024. Ina theannta sin, agus é ag teacht ar an gcinneadh uaidh, chomhlíon an Bord na feidhmeanna atá aige ar bhealach atá i gcomhréir le halt 15(1) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú le halt 17 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Coinníollacha

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe a thógáil agus a oibriú, agus, nuair is iomchuí, a dhíchomisiúnú i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh in éineacht leis an iarratas, mar a fuair an Bord Pleanála iad an 6^ú lá de mhí Iúil 2023 agus mar a leasaíodh leis na pleananna agus na sonraí breise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála an 16^ú lá de mhí Eanáir 2024 agus an 21^ú lá de mhí an Mhárta 2024 agus a cuireadh faoi bhráid na héisteachta ó bhéal a tionóladh i mí an Mhárta 2024, nó a cheanglófar ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir le mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt, agus déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire agus chun cosaint an chomhshaoil agus cosaint Láithreán Eorpach a chinntiú.

2. Beidh an cead pleanála bailí ar feadh tréimhse sé bliana. Is é 40 bliain ó chéad choimisiúnú na feirme gaoithe a bheidh i saolré oibriúcháin an cheada pleanála

3/6

don fheirm ghaoithe. Níl aon teorainn ama ann ar shaolré oibriúcháin an ghléasra hidrigine.

Cúis: Chun a chinntiú go rannchuideoidh an fhorbairt bheartaithe leis na spriocanna fuinnimh in-athnuaite don bhliain 2030 agus chun soiléire a thabhairt maidir leis an gcreat ama le haghaidh oibriú na feirme gaoithe agus an ghléasra hidrigine.

3. Sula dtosófar an tógáil:

- (a) cuirfear dearadh agus leagan amach deiridh na dtuirbiní don fheirm ghaoithe faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo; agus
- (b) cuirfear an trealamh sa hidrigin a roghnófar faoi bhráid Chomhairle Contae Shligigh.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

4. Maidir leis na bearta maolaithe agus faireacháin atá leagtha amach sna pleananna agus sna sonraí a bhaineann le tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe, lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach in Aguisín 17.1 a ghabhann leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, cuirfear chun feidhme go hiomlán iad nó de réir mar is gá chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh, seachas i ndáil le hoibriú an ghléasra hidrigine, ar ina leith a thagann teorainneacha astaíochta agus teorainneacha astógála uisce faoi fhreagracht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála iomchuí mionsonraí faoi sceideal ama le haghaidh bearta maolaithe a chur chun feidhme agus le haghaidh faireachán gaolmhar a dhéanamh.

Cúis: Ar mhaithe leis an gcomhshaol, Láithreáin Eorpacha agus an tsláinte phoiblí a chosaint.

5. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá i Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.

Cúis: Chun sláine Láithreán Eorpach a chosaint.

6. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear faoi bhráid na n-údarás pleanála mionsonraí faoin ngréasán bóithre atá le húsáid ag trácht tógála i gContae Mhaigh Eo agus i gContae Shligigh, lena n-áireofar socruithe mionsonraithe le haghaidh na droichid a thrasnófar a chosaint, agus comhaontófar iad i scríbhinn leo. Ba cheart suirbhéanna Sraonmhéadair Amhairc agus Títime roimh an tógáil agus tráth chríochnú na tógála a bheith ar áireamh sna mionsonraí sin. I gcás aon damáiste don phábháil nó aon mheath ar an bpábháil, deiseoidh an forbróir é i gcomhairle le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus le Comhairle Contae Shligigh.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

7. Sula dtosófar na hoibreacha, déanfar suirbhé ar riocht na réadmhaoine, más rud é go gcomhaontófar amhlaidh le húinéir na réadmhaoine, feadh na mbealaí tarlaithe tógála ar an taobh thoir de bhóthar an N59 ar an bhfeirm ghaoithe, ar an ngléasra hidrigine, ar an nasc leis an eangach agus ar bhealaí idirnascaire.

Cúis: Chun bonnlíne struchtúr fisiciúil a sholáthar sula dtosófar an tógáil, ar mhaithe le taitneamhacht.

8. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear ráitis mhodha le haghaidh trasrianta uisce, dearáil lintéir agus druileáil chothrománach faoi bhráid an údaráis pleanála tar éis idirchaidreamh a dhéanamh le hlascach Intíre Éireann. Beidh na ráitis mhodha bunaithe ar na "Treoirínte maidir le hlascach a Chosaint le linn Oibreacha Tógála in Uiscí agus in aice leo, 2016" ó Iascach Intíre Éireann.

Cúis: Chun cáilíocht an uisce agus an bhithéagsúlacht uisceach a chosaint.

9. (a) Cuirfear faoi bhráid Bhonneagar Iompair Éireann an bealach tarlaithe seachadta tuirbíní deiridh agus tuarascáil maidir le hacmhainn struchtúrtha na struchtúr ar na Bealaí Náisiúnta a úsáidfear.
- (b) I gcás go sainaithneofar oibreacha, déanfar iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre, agus beidh an t-iniúchadh sin ina chuid den tuarascáil thuasluaite.

Cúis: Chun a chinntiú go mbeidh acmhainn struchtúrtha ag na struchtúir ar na Bealaí Náisiúnta chun ualaí neamhghnácha a éascú, ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

10. (a) Beidh feidhm ag luach teorann astaíochta 25 mg/l i gcás solaid ar fuaidreamh maidir leis an scaoileadh ar fad ón láithreán chuig sruthchúrsaí. Comhaontófar na láithreacha faireacháin roimh ré le Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus beidh trealamh faireacháin i mbun feidhme trí mhí sula dtosófar aon oibreacha ar an láithreán.
- (b) Ní sháróidh leibhéil deannaigh ag teorainn an láithreáin 350 milleagram in aghaidh an mhéadair chearnaigh in aghaidh an lae ar an meán thar thréimhse leanúnach 30 lá (Tomhsaire Bergerhoff). Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear mionsonraí faoi chlár faireacháin le haghaidh deannaigh faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis: Áireofar leis na mionsonraí a chuirfear isteach na láithreacha faireacháin, an dáta tosaithe agus minicíocht na dtorthaí faireacháin, agus mionsonraí faoi na bearta uile um shochtadh deannaigh.
- (c) Comhlíonfaidh bearta laghdú torainn na moltaí do BS 5228, 'Cód Cleachtais le haghaidh Rialú Torainn agus Tonnchreatha ar Láithreáin Tógála agus Oscailte'. Glacfar leis gurb iad na foirgnimh chónaithe is gaire a bheidh sna láithreacha a bheidh íogair i leith torainn, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt i scríbhinn leis an údarás pleanála. Ní sháróidh teorainneacha torainn le linn na tógála 55 dBA LAeq 90 ag an láthair is gaire a bheidh íogair i leith torainn.
- (d) Déanfaidh duine atá cáilithe go cuí idirchaidreamh le Comhairle Contae Mhaigh Eo i ndáil le faireachán comhshaoil le linn an phróisis tógála.
- (e) Bunófar Coiste Faireacháin Comhshaoil chun measúnacht agus faireachán a dhéanamh ar oibreacha tógála. Cuimseoidh an Coiste sin beirt ionadaithe an ceann dóibh seo a leanas: an forbróir; Comhairle

Contae Mhaigh Eo; Comhairle Contae Shligigh; Iascach Intíre Éireann;
agus ionadaithe pobail áitiúil.

Cúis: Chun faireachán éifeachtach a chinntiú le linn na céime tógála, ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

11. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála mionsonraí faoi cheanglais aerloingseoireachta, lena n-áireofar aon soilsiú is gá ar an gcraein túir agus ar na stoic, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis. Tabharfar fógra 30 lá faoin gcéanna. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an forbróir an t-údarás pleanála, an Roinn Cosanta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an eolas faoi chomhordanáidí shuíomh tógtha na dtuirbíní agus faoi phointe is airde na dtuirbíní (go barr an rothlaithe lainne) i bhformáid WGS84. Tabharfar fógra den chineál céanna faoi chraenacha túir a chur in airde chun críoche díchoimisiúnaithe.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht aerthrachta.

12. Soláthrófar an tuarascáil seandálaíochta deiridh don údarás pleanála agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht tráth chríochnú na n-oibreacha seandálaíochta ar an láithreán.

Cúis: Ar mhaithe le hoidhreacht seandálaíochta a chosaint.

13. Cuirfear na feabhsuithe ar rochtain ar aomhail ó bhóthar an L6612-1 agus ó bhóthar an N59 i gcrích chun sástacht scríofa Chomhairle Contae Shligigh sula dtógfar an gléasra hidrigine.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

14. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear mionsonraí faoi ábhair, dathanna agus uigeacht na mbailchríoch seachtrach uile ar na foirgnimh bheartaithe, lena n-áireofar mionsonraí faoi aon chomharthaí, faoi bhráid an údaráis pleanála ar ina limistéar riaracháin a bheidh na foirgnimh lena mbaineann lonnaithe, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí amhairc an limistéir.

15. Coinneofar ar bun an cur/an tírdhreachú is gá ar fad chun an scéim tírdhreachaithe a chomhlíonadh agus, más rud é go n-éagfaidh aon chrann nó aon phlanda nó go gcaillfear é ar shlí eile laistigh de thréimhse cúig bliana, cuirfear ina ionad planda den speiceas céanna, den chineál céanna agus den mhéid chéanna laistigh den séasúr cuir tar éis cailleadh den sórt sin.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht amhairc.

16. Beidh oibríochtaí tógála teoranta don tréimhse idir 0800 agus 1900 a chlog ón Luan go dtí an Aoine agus idir 0800 agus 1400 a chlog ar an Satharn, ach amháin i gcás aon imeachtaí is gá. Comhaontófar na himeachtaí sin roimh ré leis an údarás pleanála iomchuí.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

17. Cuirfear Plean Bainistíochta Comhshaoil le haghaidh Oibríochtaí faoi bhráid an údaráis pleanála lena chomhaontú i scríbhinn aige sula gcoimisiúnófar an fheirm ghaoithe. Déanfar socrú leis an bplean sin do chlár faireacháin ar cháilíocht an uisce tar éis dul i gcomhairle le hlascach Intíre Éireann. Leis an gclár faireacháin ar cháilíocht an uisce, déanfar socrú d'fhaireachán míosúil a dhéanamh sa chéad trí bliana d'oibriú na feirme gaoithe agus d'fhaireachán ráithiúil a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Cúis: Chun cáilíocht an uisce a chosaint.

18. (a) Maidir leis na bearta ciorrúcháin don fheirm ghaoithe i ndáil le gníomhaíocht ialtóg, déanfar athbhreithniú bliantúil orthu agus déanfaidh siad socrú d'fhaireachán oiriúnaitheach. Déanfaidh saineolaí inniúil athbhreithniú orthu sa chéad chúig bliana d'oibriú na feirme gaoithe agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh saineolaí inniúil athbhreithniú orthu gach trí bliana ar feadh shaolré oibriúcháin na feirme gaoithe, ach amháin i gcás gur gá a mhalairt a dhéanamh de bharr an chlár faireacháin oiriúnaithigh. Tuairisceofar torthaí an fhaireacháin

d'fhoireann réigiúnach na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

- (b) Déanfaidh an forbróir athbhreithniú ar úsáid an láithreacha feirme gaoithe ag éin agus ag ialtóga, agus doiciméadóidh sé aon bhásanna éin agus ialtóige a tharlóidh trí chlár faireacháin bliantúil, rud a chuirfear faoi bhráid an údarais pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Forbrófar an clár sin i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus cumhdófar tréimhse iomlán oibriú na feirme gaoithe ann.

Cúis: Chun a chinntiú go ndéanfar faireachán cuí ar thionchar na forbartha ar éin agus ialtóga an limistéir.

19. Maidir leis na leibhéil torainn choibhneasa rátáilte (rátálacha torainn 10 nóiméad LA) a eascróidh as an bhforbairt feirme gaoithe, agus aird á tabhairt ar thionchar carnach na leibhéil torainn a eascróidh as forbairtí eile láithreacha agus ceadaithe, ní bheidh siad ina gcúis leis na leibhéil torainn seo a leanas, nuair a thomhaisfear go seachtrach iad ag láithreacha a bheidh íogair ó thaobh torainn de in aice láimhe agus nach mbeidh baint acu leis an tionscadal:
- (i) Leibhéil torainn atá 5 dB(A) $L_{90\ 10}$ nóiméad nó 45 dB(A), $L_{90\ 10}$ nóiméad níos airde ná leibhéil torainn cúlra ag airde chaighdeánaithe 10 méadar os cionn leibhéil na talún ag luasanna gaoithe 7m in aghaidh an tsoicind nó níos airde, idir 0700 agus 2300 a chlog; agus
- (ii) Leibhéil torainn atá níos airde ná 43 dB(A) $L_{90\ 10}$ nóiméad ag airde chaighdeánaithe 10 méadar os cionn leibhéil na talún ag luasanna gaoithe leibhéil na talún ag gach am eile.

Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfidh an forbróir clár um fhaireachán ar chomhlíonadh torainn don fhorbairt lena mbaineann faoi bhráid Chomhairle

Contae Mhaigh Eo, agus comhaontóidh sé an plan sin i scríbhinn léi, lena n-áireofar aon bhearta maolaithe amhail tuirbíní ar leith a dhírátáil. Déanfar an tomhas torainn ar fad i gcomhréir le Moladh R 1996 ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) dar teideal “Measúnacht ar Thorann i nDáil leis an bhFreagairt Pobail”, arna leasú le Moladh R 1996-1 ó ISO. Cuirfear torthaí an fhaireacháin tosaigh ar chomhlíonadh torainn faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, laistigh de shé mhí ó choimisiúnú na feirme gaoithe.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

20. Ní bheidh aon phreabadh scátha ann ag aon teaghais láithreach in aice láimhe ná ag aon réadmhaoin íogair iomchuí láithreach eile a ndéanfar difear di, agus déanfaidh an forbróir fuinnimh gaoithe nó an t-oibritheoir fuinnimh gaoithe na bearta riachtanacha atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas, amhail tuirbíní a mhúchadh le linn na dtréimhsí ama gaolmhara, chun an preabadh scátha a dhíothú.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

21. I gcás go gcuirfidh an fheirm ghaoithe isteach ar chomharthaí teileachumarsáide, tabharfar bearta éifeachtacha isteach chun íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar chomharthaí teileachumarsáide sa limistéar. Cuirfear mionsonraí faoi na bearta sin, a dhéanfar ar chostas an fhorbróra, faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, laistigh de shé mhí ó dháta an Ordaithe seo, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis iomchuí.

Cúis: Ar mhaithe le comharthaí teileachumarsáide a chosaint agus ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

22. A luaithe a dhíchoimisiúnófar an fheirm ghaoithe go hiomlán nó go páirteach, nó más rud é go scoirfidh an fheirm ghaoithe de bheith ag oibriú ar feadh

tréimhse is faide ná bliain amháin, bainfear na crainn faireacháin gaoithe, na tuirbíní lena mbaineann agus gach struchtúr díchoimisiúnaithe, agus cumhdófar na bunsraitheanna le hithir chun athfháscrú a éascú. Críochnófar an obair sin ar fad chun sástacht scríofa an údaráis pleanála laistigh de 24 mhí ón díchoimisiúnú nó ó scor d'oibriú na feirme gaoithe.

Cúis: Chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú tráth scor iomlán nó páirteach den tionscadal.

23. Cuirfear plean nuashonraithe díchoimisiúnaithe faoi bhráid an údaráis pleanála lena chomhaontú i scríbhinn aige 12 mhí roimh dhíchoimisiúnú na feirme gaoithe, ach amháin i gcás go bhfaighfear tuilleadh ceada chun leanúint den fheirm ghaoithe.

Cúis: Chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú tráth scor iomlán nó páirteach den tionscadal.

24. Sula dtosófar oibreacha díchoimisiúnaithe, cuirfear plean bainistíochta tráchta faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar é i scríbhinn leis. Is é a bheidh sa phlean bainistíochta tráchta don chéim díchoimisiúnaithe mionsonraí faoin ngréasán bóithre a úsáidfear, lena n-áireofar ualaí ollmhóra, agus socruithe mionsonraithe le haghaidh droichid, lintéir agus struchtúir eile a thrasnófar, de réir mar is gá, a chosaint. Ba cheart mionsonraí a bheith sa phlean sin freisin faoin dóigh a mbeartaíonn an forbróir caidreamh a dhéanamh leis an bpobal áitiúil, agus fógra a thabhairt dó, roimh bhaint ualaí ollmhóra. Is ar chostas an fhorbróra a dhéanfar na hoibreacha uile ar an ngréasán bóithre poiblí.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.

25. Áiritheoidh an forbróir na seirbhísí de chuid Innealtóra Shibhialta agus Éiceolaí atá cáilithe go cuí ar feadh thréimhse na n-oibreacha díchoimisiúnaithe chun nach ndéanfar aon damáiste do shláine ná cobhsaíocht na timpeallachta talún portaigh.

Cúis: Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

26. 24 huaire in aghaidh an lae a bheidh in uaireanta oibriúcháin an ghléasra hidrigine. Beidh gluaiseachtaí Feithiclí Earraí Troma teoranta don tréimhse idir 0700 agus 1900 a chlog.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

27. Beidh an líon gluaiseachtaí tiúbleantóirí teoranta do 52 ghluaiseacht in aghaidh an lae.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

28. Soláthrófar soilsiú i gcomhréir le scéim, lena n-áireofar soilsiú feadh bealaí coisithe. Cuirfear mionsonraí faoi sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Leis an scéim, íoslaghdófar truailliú solais agus íoslaghdófar soilsiú seachtrach lasmuigh d'uaireanta oibriúcháin.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht agus sábháilteacht an phobail.

29. (a) Is é bailiú báistí a bheidh sa phríomhfhoinsé amhuisce don ghléasra hidrigine.
- (b) Beidh astógáil screamhuisce teoranta do 178 méadar chiúbacha ar a mhéad in aghaidh an lae. I gcás go gceanglóidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas le haghaidh screamhuisce a astógáil, scoirfidh an coinníoll seo d'fheidhm a bheith aige.
- (c) Déanfar faireachán leanúnach ar leibhéil uisce i Sruth Dhumha Fhiachna agus i Sruth an Chorrbaile Theas. I gcás go dtitfidh sreabha uisce faoi bhun an tsreabhráta uisce le linn aimsir thirim (an sreabhráta laethúil íosta in aghaidh na bliana lena ngabhann tréimhse athfhillte 50 bliain) i Sruth an



Chorrghaile Theas, scoirfear de screamhuisce a chaidéalú go dtí go dtéarnóidh leibhéil uisce sa dá shruth. I gcás go gceanglóidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas le haghaidh screamhuisce a astógáil, scoirfidh an coinníoll seo d'fheidhm a bheith aige.

Cúis: Ar mhaithe le screamhuisce agus uisce dromchla a chosaint.

30. Comhlíonfaidh an t-iarratasóir na ceanglais a chuirfidh Uisce Éireann i bhfeidhm i ndáil leis an soláthar uisce poiblí.

Cúis: Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí.

31. Déanfar na ceimiceáin uile, lena n-áireofar breoslaí agus táirgí glantacháin agus frithchoirithe, a stóráil i limistéar bundaithe a bhfuil acmhainn 110% aige.

Cúis: Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

32. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar i scríbhinn leis, plean ina mbeidh mionsonraí faoin dóigh a mbainisteofar dramhaíl (agus, go háirithe, ábhair in-athchúrsáilte) laistigh den fhorbairt, lena n-áireofar mionsonraí faoi shaoráidí a sholáthar le haghaidh dramhaíl agus, go háirithe, ábhair in-athchúrsáilte a stóráil, a scaradh agus a bhailiú agus faoi oibriú leanúnach na saoráidí sin. Ina dhiaidh sin, bainisteofar dramhaíl i gcomhréir leis an bplean comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint.

33. Cloífeá leis an scéim Tairbhe Pobail ar feadh shaolré na feirme ghaoithe. Riarfar an scéim i gcomhréir leis an Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite agus leis na Prionsabail Dea-Chleachtais le haghaidh Cistí Tairbhe Pobail 2021 arna n-ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Cúis: Chun a chinntiú go mbainfidh an pobal a chónaíonn i ngaireacht don fheirm ghaoithe tairbhe as an bhfeirm ghaoithe.

34. Sula dtosófar na hoibreacha, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais, nó cibé urrús eile is inghlactha ag an údarás pleanála, chun a áirithiú go ndéanfar bóithre poiblí a athshuí a bhféadfadh go ndéanfaí damáiste dóibh de dheasca ábhair a iompar chuig an láithreán, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid d'athshuí sásúil na mbóithre poiblí. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

35. Íocfaidh an forbróir leis an údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais i leith bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt i limistéir Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ar nithe iad a sholáthróidh an t-údarás nó a sholáthrófar thar a cheann, nó a bhfuil sé beartaithe ag an údarás iad a sholáthar nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar thar a cheann, i gcomhréir le téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Déanfar an ranníocaíocht sula dtosófar an fhorbairt nó trí cibé íocaíochtaí céimnithe a éascóidh an t-údarás pleanála, agus beidh sí faoi réir aon fhorálacha innéacsaithe is infheidhme den Scéim tráth na híocaíochta. Comhaontófar mionsonraí chur i bhfeidhm na Scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála chun cur i bhfeidhm cuí téarmaí na Scéime a chinneadh.

Cúis: Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go ndéanfaí coinníoll lena gceanglaítear ranníocaíocht i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht a chur i bhfeidhm i leith an cheada.

36. Íocfaidh an forbróir leis an údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais i leith bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt i limistéir Chomhairle Contae Shligigh, ar nithe iad a sholáthróidh an t-údarás nó a

36

sholáthrófar thar a cheann, nó a bhfuil sé beartaithe ag an údarás iad a sholáthar nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar thar a cheann, i gcomhréir le téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Déanfar an ranníocaíocht sula dtosófar an fhorbairt nó trí cibé íocaíochtaí céimnithe a éascóidh an t-údarás pleanála, agus beidh sí faoi réir aon fhorálacha innéacsaithe is infheidhme den Scéim tráth na híocaíochta. Comhaontófar mionsonraí chur i bhfeidhm na Scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála chun cur i bhfeidhm cuí téarmaí na Scéime a chinneadh.

Cúis: Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go ndéanfaí coinníoll lena gceanglaítear ranníocaíocht i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht a chur i bhfeidhm i leith an cheada.




Application for permission under section 37E of the Planning and Development Act 2000, as amended, in accordance with plans and particulars, including an Environmental Impact Assessment Report and Natura Impact Statement, lodged with An Bord Pleanála on the 6th day of July, 2023 by Mercury Renewables (Carrowleagh) Limited care of Jennings O'Donovan and Partners Limited, Finisklin Business Park, Sligo.

Proposed Development: The proposed development comprises of the following:


- (1) Construction of 13 number wind turbines with an overall ground to blade tip height of between 177 metres and 185 metres inclusive. The wind turbines will have a rotor diameter of between 149 metres and 155 metres inclusive and a hub height of between 102.5 metres and 110.5 metres inclusive.
- (2) Construction of permanent crane hardstand areas, turbine foundations and temporary laydown/storage areas.
- (3) Construction of new permanent internal wind farm site access roads and the upgrade of existing internal bog tracks to include passing bays and all associated drainage infrastructure.
- (4) Development of a site drainage network for the wind farm site including sediment control systems.
